2026/494

3.3.2026

CINNEADH (AE) 2026/494 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2026

lena gceaptar beirt chomhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na hEastóine, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hEastóine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Irina TALVISTE agus Tiit TERIK a cheapadh.

(4) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Katrin KRAUSE, Gerli LEHE, Rait PIHELGAS agus Urmas SUKLES a cheapadh.

(5) Mhol Rialtas na hEastóine, ar bhonn sainorduithe náisiúnta éagsúla, na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Irina TALVISTE, *Pärnu Linnavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Cathrach Pärnu) agus Tiit TERIK, *Tallinna linnavalitsuse liige* (Comhalta de Rialtas Cathrach Thaillinn).

(6) Mhol Rialtas na hEastóine, ar bhonn sainorduithe náisiúnta éagsúla, na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030: Katrin KRAUSE, *Harku Vallavalitsuse liige* (Comhalta de Rialtas Bardais Tuaithe Harku), Gerli LEHE, *Rae Vallavalitsuse liige* (Comhalta de Rialtas Bardais Tuaithe Rae), Rait PIHELGAS, *Kambja Vallavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Bardais Tuaithe Kambja), agus Urmas SUKLES, *Haapsalu Vallavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Bardais Tuaithe Haapsalu),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad a bhfuil acu sainordú toghchánach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030:

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

(a) mar chomhaltaí:

— Irina TALVISTE, *Pärnu Linnavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Cathrach Pärnu) (athrú sainordaithe),

— Tiit TERIK, *Tallinna linnavalitsuse liige* (Comhalta de Rialtas Cathrach Thaillinn) (athrú sainordaithe),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Katrin KRAUSE, *Harku Vallavalitsuse liige* (Comhalta de Rialtas Bardais Tuaithe Harku) (athrú sainordaithe),

— Gerli LEHE, *Rae Vallavalitsuse liige* (Comhalta de Rialtas Bardais Tuaithe Rae) (athrú sainordaithe),

— Rait PIHELGAS, *Kambja Vallavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Bardais Tuaithe Kambja) (athrú sainordaithe),

— Urmas SUKLES, *Haapsalu Vallavolikogu liige* (Comhalta de Chomhairle Bardais Tuaithe Haapsalu) (athrú sainordaithe).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA